# Scéal Thine Bhríde

BRÍD 1500

In aimsir na págántachta, i bhfad sular thug Naomh Pádraig an Chríostaíocht go hÉirinn, láthair bheannaithe ab ea Cnoc Chill Dara, áit a ndóití tinte deasghnácha in ómós do Bhríd – bandia págánach as ar ainmníodh Naomh Bríd.

Bhíodh na tinte ar Chnoc Chill Dara á bhfaire lena chinntiú go dtabharfadh an bandia cosaint do na tréadanna beostoic agus do ghoirt na mbarraí, agus go mbeadh fómhar flúirseach ann gach bliain do mhuintir na háite.

Nuair a thóg Naomh Bríd a mainistir i gCill Dara (logainm a chiallaíonn eaglais an chrainn darach), chinn sí leanúint den nós sin an tine shíoraí a choinneáil ag dó ar Chnoc Chill Dara taobh lena heaglais.

I dteannta 19 dá lucht leanúna, choinnigh na mná rialta an tine ar lasadh. Bhíodh siad ag faire na tine chuile lá, ar a seal féin, agus thugadh Naomh Bríd aire don tine gach 20ú lá.

Tine bhrufar a bhí sa tine shíoraí a bhíodh ag dó i dTeampall na Tine. Tá iarsmaí an teampaill sin le feiceáil go fóill ar thailte Ardeaglais Bhríde i mBaile Chill Dara, áit ar bhunaigh Bríd a céad mhainistir.

Creidtear gur lean an tine seo ag dó ar feadh níos mó ná míle bliain tar éis bhás Naomh Bríd, agus nár múchadh í go dtí gur chuir Rí Anraí VIII na Breataine na mainistreacha faoi chois go déanach sna 1530idí.

Lasadh Tine Shíoraí Naomh Bríd arís in 1993 i gCearnóg an Mhargaidh, timpeall ar 100m soir ó dheas ón áit a mbíodh Teampaill na Tine, i mBaile Chill Dara.

Is iad Siúracha Bhríd a rinne faire ar an tine an chéad lá riamh agus is í an tSiúr Mary Teresa Cullen, ceannaire Shiúracha Bhríd a rinne í a athlasadh. Tá sé ar lasadh i bpíosa dealbhóireachta a coimisiúnaíodh go sonrach di i gCearnóg an Mhargaidh i mBaile Chill Dara go dtí an lá atá inniu ann.

Tugann Siúracha Bhríd ón Ionad Solas Bhríde cosaint agus aire don tine freisin.